# AR CHUALA TÚ?


***"Gan daonra agus an t-infreastruchtúr cuí, ní bheidh aon phobal againn agus mar thoradh air sin beidh ár dteanga caillte go deo..."***

**Seo mar a labhair Máirín Ní Choisdealbha-Seoige, Oifigeach Forbartha Fhorbairt Chonamara Láir, agus í ag labhairt os comhair Choiste Gaeilge an Oireachtais an 1 Feabhra i dTeach Laighean. Tugadh cuireadh d'Fhorbairt Chonamara Láir dul os comhair an choiste chun an géarghá atá le Córas Cóireála (Séarachas) Poiblí a fhorbairt i mbailte Gaeltachta a phlé ach thapaigh siad an deis na dúshláin mhóra eile a bhí ag cur as do phobail Ghaeltachta faoin tuath a chur in iúl.**

**Moladh go gcaithfear Scéim Caipitil & Infreastruchtúir na Gaeltachta a thabhairt isteach arís chun cabhrú dul i ngleic leis na dúshláin ollmhóra seo chun an Ghaeltacht a thabhairt slán.**

**Ag cuidiú leis sin, dúirt Tomás Ó hAllmhuráin, comhalta de Choiste Bainistíochta Fhorbairt Chonamara Láir, go bhfuil gá leis an gciste chun "todhchaí ár nGnólachtaí agus Deiseanna Cruthaithe Fostaíochta i gConamara Láir agus ceantair Ghaeltachta eile a chinntiú amach anseo". Labhair Tomás freisin faoi na srianta pleanála agus costais ardaithe, easpa Tithíocht Shóisialta & Tithíocht Inacmhainne i gConamara Láir agus go bhfuil práinn le leasú ar an bhfadhb seo láithreach. "Gan dídean, ní bheidh pobal agus ní bheidh teanga againn" a deir sé.**





# Bí Scríobh 's Bí Gabháil Fhionn

**(COMÓRTAS AMHRÁN NUA-CHUMTHA)**

***Tá ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an comórtas amhrán nua-chumtha, 'Bí Scríobh 's Bí Gabháil Fhionn' a reáchtáil don dara bliain as a chéile mar chuid d'Fhéile Joe Éinniú 2023 (5-7 Bealtaine).***
***Beidh deis ag na hiarratasóirí a gcuid amhrán a chur ar stáitse os comhair an phobail le linn na féile.***
***Má tá suim agat iarratas a dhéanamh nó breis eolais a fháil, seol ríomhphost chuig ocpt@conamaralair.ie***

***Amhail anuraidh, tá dhá chatagóir i gceist: Cumadóirí/Amhránaithe Aonair agus Grúpaí. Seo a leanas na duaiseanna:***

- ***Céad áit - €500***
- ***Dara háit - €300***
- ***Faoi 18 - €200***

***Coinníollacha:***
***-Caithfidh an t-iarratasóir a bheith ina chónaí/ina cónaí i limistéar pleanála teanga Chonamara Láir (Leitir Mucú, Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, ó thuaidh go dtí An Caiseal, Sraith Salach agus siar go hInis Ní, Iorras Beag, thiar in abhantrach Chloch na Rón).***
***- Amhráin i nGaeilge amháin, nár chualathas go poiblí cheana.***
***- Áireofar feabhas na liricí, oiriúnacht an cheoil agus cur i láthair an amhráin sa mholtóireacht.***
***- Níl aon teorainn leis an líon iontrálacha is féidir le cumadóir a chuir isteach.***
***- Glacfar le gach aon seánra agus stíl amhránaíochta;***
***- Is faoin gcumadóir féin atá sé téama a roghnú.***

Údarás na Gaeltachta

## Bord agus Cathaoirleach Eatramhach Údarás na Gaeltachta Ceaptha

D'fhógair airí na Gaeltachta le gairid go bhfuil seachtar comhalta den 12 comhalta a bheidh ar an mbord ceaptha. Is í Mary Uí Chadhain, as Gabhla, Caiseal, a bheidh ag feidhmiú ina cathaoirleach sealadach ar an mbord go dtí go mbeidh torthaí an chomórtais phoiblí curtha i gcrích. lámh. Guíonn foireann Chonamara Láir gach rath ort a Mhary.

# Séamus & Caoimhe ar 'The Late Late Show'

Bhí Séamus agus Caoimhe Uí Fhlatharta ar 'The Late Late Show' arís i mbliana ach an uair seo chas siad amhrán óna gceirnín leathfhada (EP) féin a sheol siad an lá céanna. Ar ndóigh, bhí an lucht féachana faoi dhraíocht ag a leagan uathúil agus cumhachtach den amhrán 'Scarborough Fair'.

Rud a bhí an-speisialta ar fad ná gur chuir siad véarsa Gaeilge leis an bpíosa. Dúirt Tubridy fiú gur cheart dóibh ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann nuair a thabharfaidh an Taoiseach cuairt ar Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá sa Teach Bán Lá Pádraig.

Tá pobal Chonamara Láir thar a bheith bródúil as an mbeirt óg as baile na hÁirde Móire. Nár laga Dia sibh.




## Maratón na bPáistí 2022-23

*Cuireadh tús le Maratón na bPáistí i Meán Fómhair agus ghlac os cionn 1,360 páiste as 38 bunscoil Ghaeltachta i 12 ceantar éagsúil fud fad na Gaeltachta páirt sa mharatón - 180 as scoileanna Chonamara Láir san áireamh. Le linn na tréimhse sin, chuaigh na gasúir amach sa gclós scoile agus rith siad ruinne beag níos mó gach seachtain go dtí go raibh maratón iomlán, 42KM rite acu. D'fhoghlaim siad faoi chúrsaí folláine, sláinte agus aclaíochta freisin.*

*Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh leis na daltaí ar fad a chríochnaigh an maratón. Seo pictiúr a seoladh chugainn ó Scoil na hÁirde Móire agus na daltaí ag taispeáint a gcuid boinn go bródúil.*







**Breac Síos an Dáta! Beidh Darkness Into Light An Cheathrú Rua ar siúl Dé Sathairn 6 Bealtaine 2023!**

A chara,
Is mise Caoimhe Ní Chiardha agus tá mé ar dhuine den choiste ag Darkness Into Light ('DIL') An Cheathrú Rua..
Beidh Darkness Into Light ar siúl Dé Sathairn an 6 Bealtaine 2023 i mbliana, le cúnamh fial ó Electric Ireland.
Tosóidh an tsiúlóid ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua.
Cuireadh níos mó ná 54,000 uair a chloig de sheisiúin comhairleoireachta saor ó tháille ar fáil anuraidh maidir
le féinmharú a sheachaint agus le déileáil le cumha tar éis báis chomh maith le glacadh le 97,000 glao teileafóin
nó teachtaireacht téacs i gcásanna práinne – agus tá gá againn le cúnamh uaitse chun leanúint de na seirbhísí
géarthábhachtacha seo a chur ar fáil saor in aisce.
Ó dheireadh mí Feabhra is féidir clárú a dhéanamh ar darknessintolight.ie.
*Mar sin, más é do thoil é, Breac Síos an Dáta a mbreacfaidh an lá agus cuidigh linn an mhaidin DIL is fearr agus is gile riamh a thabhairt i gcrích!*
Le deá mhéin,
Caoimhe Ní Chiardha
------------------------------------------
PRO – Darkness Into Light An Cheathrú Rua
P.S. Má tá tú féin nó duine ar bith ar d'aithne i ngéarchéim féinmharaithe nó féindíobhála nó ina bhaol sin,
nó fágtha faoi mhéala mar gheall ar chásféinmharaithe, cuirtear glaoch ar an líne cabhrach 1800 247 247 (24/7, saor ó tháille) nó seoltar HELP ar téacs chuig 51444.

## Ócáid 'Aistear na Scoile'

*Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag eagrú Tráthnóna Cheiliúrtha le linn Seachtain na Gaeilge chun aitheantas a thabhairt do Choistí/Buddies Gaeilge Scoileanna Chonamara Láir i gcomhar le Gaeloideachas.*
*Tá cuireadh á thabhairt do Naíonraí atá ag feidhmiú sa cheantar chun béim a chur ar an téama 'Aistear na Scoile'- ag cruthú nasc idir an luathoideachas, bunoideachas, agus an t-oideachas dara leibhéal. Beidh aoichainteoirí linn ar an oíche chun tábhacht na Gaeilge agus an tumoideachas a mheabhrú do thuismitheoirí. Beidh deis ag an bpobal dul timpeall ag na seastáin eolais a bheas ag eagraíochtaí éagsúla atá dírithe ar oideachas/seirbhisí tré Ghaeilge do theaghlaigh.*
*Ar ndóigh beidh ceol agus sólaistí ar fáil.*
*Beidh an ócáid ar siúl ar an 8ú Márta i Halla Pobail Chill Chiaráin idir an 17:30 - 19:30 agus táímid ag súil go mór leis!*

# Cliabhán Gnó Chonamara Láir




Is é aidhm na scéime seo ná go mbeadh líonrú níos fearr i measc na ngnóthaí agus na seribhísí go léir i gConamara Láir. Ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt do do ghnó nó seirbhís trí:

·Láithreacht ar ár suíomhanna meán shóisialta

·Poiblíocht ar an 'Eolaire Gnó' ar shuíomh idirlín Chonamara Láir.

Tá fáilte roimh dhaoine ón earnáil phoiblí agus príobháideach, fiontraithe, fostóirí, gairmithe agus ealaíontóirí ó gach earnáil clárú le www.conamaralair.ie saor in aisce. Níl ann ach ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair,ie agus seolfar foirm iarratais chugat.

Faoi láthair, tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag tabhairt tacaíochtaí do ghnóanna/seirbhísí chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Táthar ag súil imeachtaí a chur ar siúl ar nós 'Lón Gnó' agus seiminéair chun deis a thabhairt do ghnóanna teacht le chéile agus feasacht a thabhairt faoi na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge a fhorbairt i do ghnó/seirbhís agus na tacaíochtaí ar fad atá ar fáil.

Má theastaíonn comharthaí Gaeilge uait, tá siad le fáil ach teagmháil a dhéanamh linn. Tá comharthaí éagsúla againn ar nós 'Fáilte', 'Go raibh maith agat', 'Oscailte/Dúnta', srl. Is bealach simplí ach éifeachtach é seo chun an Ghaeilge a bheith níos feiceálaí sa láthair ghnó.




Ina theannta sin, tá an clárúchán don 'Scéim Aitheantas Náisiúnta don Ghaeilge sa Ghnó' oscailte anois agus tá foireann Pleanála Teanga ag comhoibriú le Glór na nGael chun gnóanna a spreagadh le bheith páirteach sa scéim. Bronntar trí leibhéal gradam (cré-umha, airgead agus ór) ar ghnólachtaí, de réir mar a bhaineann siad spriocanna i leith na teanga amach sa trí rannóg; Comharthaíocht, Margaíocht agus Brandáil, Seirbhís i nGaeilge. Comhartha atá i mbonn GRADAIM a léiríonn don phobal go bhfuil meas ag an ghnólacht ar an Ghaeilge agus do lucht labhartha na Gaeilge.

Tá an t-eolas seo an luachmhar do chustaiméirí ar mhaith leo a ngnó a dhéanamh le gnólachtaí ar mór leo an Ghaeilge.



# Ceardlanna Caoladóireachta

(Ag déanamh ciseáin as slata salaí)



**Beidh ceardlanna caoladóireachta do thosaitheoirí ar siúl i Seanscoil Ghlinnsce an 13 & 14 do mhí Mhárta ón 10:00 r.n. go dtí 5:00 i.n. Beidh gá d'ainm a chuir san áireamh roimh ré agus éarlais €20 a íoc.**

**Chun breis eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le:**
**Fón / Phone: 087-2279878 nó 087-3626798**
**E-mail/Riomhphost: cashelbtei@gmail.com**

## BAILE- Togra Taighde Logainmneacha Chonamara Láir

Mar thoradh ar an dá oíche bhailiúcháin eolais a bhí ar siúl i gCarna agus Ros Muc an 21/22ú Feabhra, tá ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir a fhógairt go bhfuil tús curtha leis an dtogra taighde logainmneacha 'BAILE'. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine a tháinig amach agus le Scoil Phobail Mhic Dara agus Coláiste na bPiarsach as cead a thabhairt dúinn na scoileanna a úsáid.

Mura bhfuair sibh an deis freastal ar aon cheann de na cruinnithe seo ach má tá suim agaibh a bheith páirteach agus eolas a roinnt faoi bhur mbailte, ba bhreá linn dá ndéanfadh sibh teagmháil linn. Is féidir ríomphost a sheoladh chuig riarthoirpt@conamaralair.ie nó glaoch a chur ar an oifig ag 095 32688 . Tá gach píosa eolais a fhaighimid luachmhar don togra seo, más eolas é maidir le garraithe, carraigeacha, bóithre beaga, claíocha, srutháin, srl., chun é a thaifead agus a chaomhnú don chéad ghlúin eile.

## *Ranganna Jiveála do Dhéagóirí Meánscoile*

***Chuir Tuismitheoirí na Gaeltachta, i gcomhar le Pleanáil Teanga Chonamara Láir, tús le ranganna jiveála do dhéagóirí an cheantair an 20 Feabhra in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna. D'fhreastal scór déagóir ar an gcéad oíche agus bhí an-chraic acu agus iad ag foghlaim cúpla steip!***



# Coirnéal Chomhrá



**Aoí na Míosa: Bairbre Uí Choisdealbha**
**Clár-Reachtaire le Raidió na Gaeltachta**

**1. Aon ainm eile ar a bhfuil aithne ag daoine ort?**
Tugann daoine , mo chuid dlúth-chairde Baibs orm.

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Is as Camus Íochtair ó dhúchas mé. Táim pósta i gceantar indreabháin le beagnach ceithre bliana déag anois ( níl aon áit ar nós do bhaile féin )

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?**Tá an t-ádh dearg liom go n-oibrím in earnáil na Gaeilge chuile lá. Is clár reachtaire mé le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus le bliain anuas táim mar láithreoir son chlár Togha agus Rogha. D'fhás mé aníos ag éisteacht le RnaG agus is pribhléid é bheith ag obair chuile lá lenár dteanga oifigiúil.

**4.Cén cartún ina raibh suim agat ann agus tú ag fás aníos?**
Bhíos an- tógtha le cartúin agus mé mo ghasúr.. Is ceist fíor fíor-dheacair í seo , ach is dóigh go bhfuil orm 'Count Dracula' a phiocadh- chuile mhaidin Dé Sathairn bheinn i mo dhúiseacht luath le dul ag breathnú air.

**5.Céard é an béile is fearr leat?** Tá'n cheist seo simplí- bia Iodálach 100% (uisce le mo chuid fiacla anois)

**6.Céard é an deoch is fearr leat?** Caife.. Tug mugán breá caife dom agus is bean fíor-shásta mé, (haha)!! Is furasta mé a choinneáil sásta.

**7.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom a bheith ag ag rith agus ag siúl leis na gadhair. Tá péire acu agam- Bernese Mountain D0g agus Lab..( tá said chomh álainn).

**8.An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Nua-Eabhrac. An chéad uair a chuaigh me fhéin agus mo iníon go Nua-Eabhrac, bhí sé cosúil le bheith i mbrionglóid-Times Square, ag siopadóireacht go moch ar maidin. Broadway, Rockerfeller, aimsir Nollag , níl a shárú ann.. Tug ar ais mé go beo..

**9.Cen saghas ceoil a thaitin leat?** Is breá liom gach cineál seánra ceoil, níl aon seánra nach dtaitníonn liom leis an bhfírinne a rá- pop , roc, ceol tíre, Gaelach , snagcheol etc..... is ola ar an gcroí a bheith ag éisteacht leis.

**10.Cén cineál scannáin ina bhfuil suim agat iontu?** Is breá liom scannáin uafáis. Tá an diabhal orm ag breathnú orthu . Bíonn mo chlann ag piocadh orm I gcónaí fúthu.

**11.An bhfuil aon leabhar á léamh agat faoi láthair?** Fíor-scéalta na leabhair is ansa liom-Níl aon leabhar léite agam le píosa de bharr easpa ama. Tá leabhar Vicky Phelan (RIP) agam le léamh, ach níl sí léite fós agam.

**12.An rud is mó a ghoileann ort:** Daoine a bheith gránna , éadmhar lena chéile. Is fuath liom éad. Bíodh muid sásta dá chéile. I dteannta a chéile is fearr muid!



### *Comórtas Grianghrafadóireachta*

Comhghairdeas mór le Máire Ní Chionna Ros Cíde, a bhuaigh comórtas mhí Feabhra.
Is é Simon Boyle, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana. Roghnaigh sé an grianghraf seo mar ' tá an solas ar na gcnoc go hálainn, leis an dáth dearg ag lonrú.'.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Márta chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

### Leitir/ Leitreach Ard

Dar le Tim Robinson, is 'Leitir Dhá Ard' bunainm an bhaile seo- áit garbh atá suite idir dhá leithinis.

## Seanfhocal na Míosa:

Feileann spallaí do bhallaí chomh maith le clocha móra.

---

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir | conamaralair | @ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**